Is de réir an pholasaí sin agus leis an gcuspóir foriomlán *"an fhrámaíocht a fhorbairt le haghaidh bhunachar sonraí cinnitheach mar phointe tagartha chun leas oidhreacht na hÉireann sa todhchaí"* a rinneadh an suirbhé. Ba é príomhchuspóir an tsuirbhé bunlíne feasachta oidhreachta in Éirinn a bhunú agus comhartha soiléir den leibhéal reatha tuisceana ar an oidhreacht agus ar cheisteanna gaolmhara i measc an ghnáthphobail a sholáthar. Mar sin, soláthraíonn torthaí an tsuirbhé 'grianghraf' den fheasacht oidhreachta ag tús 1999. Tá an taighde ceaptha ar bhealach gur féidir an gníomh a dhéanamh arís sa todhchaí chun athruithe san fheasacht, tuiscint agus meas ar an oidhreacht náisiúnta a thomhas.

Bhí ar na comhairleoirí a ceapadh saintaighde a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Feasacht agus tuiscint ar an oidhreacht
- Príomhcheisteanna a bhaineann leis an oidhreacht
- An tábhacht leis an oidhreacht in Éirinn
- Feasacht ar chomhlachtaí leis an bhfreagracht as an oidhreacht ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil
- Meonta i leith modhanna reatha chun an oidhreacht a chosaint
- Foinsí eolais ar an oidhreacht
- Minicíocht na rannpháirtíochta i gcaomhnú na hoidhreachta

Ina theannta sin, cuireann an páipéar seo síos ar an modheolaíocht a úsáideadh chun na sonraí a bhailiú, tríd na suirbhéanna cáilíochta agus cainníochta araon, agus tugann anailís ar na torthaí faoi roinnt ceannteideal.

Tá cóip den cheistneoir ar fáil ó oifigí na Comhairle ach í a iarraidh.



ACHOIMRE AR CHONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

I meon an phobail i gcoitinne nasctar an téarma ‘oidhreacht’ leis an am atá caite, an stair agus an timpeallacht thógtha stairiúil, agus leis an toise cultúrtha chomh maith mar cheol agus teanga. Is lú i bhfad an nasc a dhéantar idir í agus an timpeallacht nádúrtha, agus an tírdhreach agus an fiadhúlra a aitríonn é. Is beag duine a rinne aon nasc idir an tírdhreach agus an oidhreacht.

Tá an tsuim atá ag pobal na hÉireann, i gcoitinne, san oidhreacht náisiúnta, de réir a sainmhíniúcháin san Acht Oidhreachta, 1995, agus an t-eolas atá acu uirthi, an éagsúil. Fuarthas an tsuim ba láidre san oidhreacht i measc daoine fásta atá 35+ bliana d’aois, daoine ó chúlraí níos saibhre, agus daoine a chónaíonn i gCúige Connacht is Cúige Uladh.

Braitear go bhfuil an oidhreacht in úinéireacht phoiblí den chuid is mó, agus mar sin, meastar gur ar an rialtas atá an fhreagracht aisti. Braitear gur ról cosanta a ghlacann daoine aonair agus pobail áitiúla i leith chosaint na hoidhreachta, tríd an gcóras pleanála go minic, in áit é a bheith mar pháirtíocht dhearfach agus fhorghníomhach. Agus 41% de na freagraithe gan a bheith in ann a n-aighe a dhéanamh suas ar chóir airgead na n-íocóirí ioncaim a úsáid chun an oidhreacht a chosaint, agus 50% díobh gan a bheith in ann a rá an gcaitheann an rialtas an iomarca airgid, dar leo, ar an oidhreacht, léirítear gur ann do mhóreaspa eolais ar na ceistanna sin. Treisítear an pointe seo go mór leis an easpa soiléireachta atá ann maidir le cé air a luíonn an fhreagracht as an oidhreacht.

Meastar go bhfuil an tsuim san oidhreacht ar scála náisiúnta réasúnta íseal. Is í tuairim na Comhairle, le tacaíocht ón taighde, gur féidir é seo a chur síos do thionchar thrí fhachtóir leathana:

1. Luas an tsaoil nua-aimseartha, agus an tsochaí uirbeach agus ghluaisteach atá ag dul i méid de shíor, a fhágann fíorbheagán ama don spéis i gcúrsaí oidhreachta nó do pháirtíocht i ngrúpaí/eagraíochtaí oidhreachta. Eascaíonn sé seo ón meon nach ceist í caomhnú na hoidhreachta a imríonn tionchar ar ghnáthshaol laethúil daoine.
2. Dearcadh gurb éard atá i bpáirtíocht ghníomhach i ngnóthaí oidhreachta ná gníomhaíocht fhoirmiúil nach bhfuil gá ach le híosleibhéal eolais nó saineolais di.
3. Na modhanna lárnaíthe reatha de riaradh na hoidhreachta ag gníomhaireachtaí le freagracht as an oidhreacht, nach n-áirítear ach leibhéil fhíoríse páirtíochta díri ón bpobal ann go traidisiúnta. Mar thoradh air seo tá an mothú i measc an phobail go bhfuil an oidhreacht á coinneáil uathu, rud a laghdaíonn an fonn a bhíonn ar dhaoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oidhreachta.

Tacaíonn struchtúr na tuarascála seo leis na moltaí seo a leanas:

Moladh 1: *Ní mór tairbhí chaomhnú na hoidhreachta agus na bagairtí roimpi sa todhchaí a chur in iúl don ghnáthphobal tríd an iliomad meán.*

Moladh 2: *Ní mór níos mó béime a chur ar thábhacht an tírdhreacha nádúrtha chomh maith le tábhacht an tírdhreacha chultúrtha agus a chomhpháirteanna mar chuid dár n-oidhreacht.*

Moladh 3: *Ag cuimhneamh gur ísle an fheasacht ar an oidhreacht i measc daoine nach bhfuil go maith as agus a chónaíonn i gceantair uibreacha, tá an deis ann do na gníomhaireachtaí freagracha ag leibhéal láir agus áitiúil polasaithe a fhorbairt a fhéachann leis an éagothromaíocht sin a cheartú, ag soláthar deiseanna do gach duine.*


Moladh 4: *Ba chóir luach chomhpháirt 'rialaithe cáilíochta oidhreachta' i ngach caiteachas rialtais, a imríonn tionchar go díreach nó go hindíreach ar an oidhreacht náisiúnta, a aithint go hoifigiúil agus glacadh leis mar pholasaí rialtais agus ba chóir é a chomhtháthú ina iomláine i bhfeidhmiú gach gné den Phlean Forbartha Náisiúnta.*


Moladh 5: *Ba chóir feasacht ar an oidhreacht go náisiúnta agus go háitiúil araon a chur chun cinn ar bhonn níos gníomhaí trí scoileanna, bealach ionchur oidhreachta sa churaclam agus urraíocht seach-churaclaim ar thionscadail scoile.*

Moladh 6: *Ba chóir rannpháirtíocht agus páirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí oidhreachta a spreagadh ar bhonn níos gníomhaí ar na bealaí seo a leanas:*

- *Ócáidí oidhreachta áitiúla agus tionscadail oidhreachta phobail a mhaoiniú;*
- *Bunú agus cothú cumann oidhreachta a chur chun cinn;*
- *Go spreagfadh na gníomhaireachtaí freagracha leibhéal páirtíochta níos mó ón bpobal i ngníomhaíochtaí ag láithreáin oidhreachta ar bhonn leanúnach*

Moladh 7: *Ní mór go mbeadh cur chuige níos comhordaithe ann ón rialtas agus ó gach údarás stáit a bhfuil páirt acu i gcosaint agus cur chun cinn na hoidhreachta náisiúnta, chun a chinntiú go gcuirtear an pobal ar an eolas faoina bhfeidhmeanna agus a bhfreagrachtaí go soiléir. Thairis sin, ba chóir go mbeadh ar gach údarás rialtais agus stáit a chaitheann airgead ar an oidhreacht iarracht níos comhbheartaithe a dhéanamh chun feasacht a ardú faoina ngníomhaíochtaí agus faoi thairbhí chosaint na hoidhreachta do mhianach foriomlán an tsaoil.*





Moladh 8: Teastaíonn taighde chun tairbhí eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta chaomhnú na hoidhreachta (an díbhinn oidhreachta) a bhunú.

Moladh 9: Obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an earnáil turasóireachta chun a chinntiú nach mbraitear gur do thurasóirí amháin atá an oidhreacht. Cuirfidh forbairt reatha i dtreo na turasóireachta inbhuanaithe leis an bpróiseas seo.

Moladh 10: Déanamh clár ardcháilíochta teilifíse a spreagadh a fhéachann le leibhéal níos mó feasachta ar ár n-oidhreacht, agus meon níos criticiúla i measc an phobail fhéachana, maidir lena cosaint agus a riaradh amach anseo, a chur chun cinn.

Moladh 11: Róil dhearfacha oideachais agus eolais na músaem, agus na n-institiúidí bailiúcháinbhuanaithe eile, a chur chun cinn ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

1. MODHEOLAÍOCHT AN tSUIRBHÉ

Coimisiúnaíodh Lansdowne Market Research chun an obair suirbhé a dhéanamh.

Úsáideadh modheolaíocht taighde ilchéimneach chun na sonraí a theastaigh a bhailiú. Sa taighde seo bhí dhá chéim a bhí éagsúil ach comhghaolmhar:

Céim 1: Céim cháilíochta Chun ceisteanna maidir leis an oidhreacht a scrúdú

Céim 2: Céim chainníochta Chun feasacht agus tuiscint ar an oidhreacht a thomhas

Cinneadh ar an modheolaíocht trí chuspóirí an taighde, ar theastaigh ionchur cáilíochta uathu chun grinnmheonta, dearcaí agus tuiscint fhoriomlán ar an oidhreacht sa chomhthéacs is leithne a scrúdú. Uaidh sin tháinig an chéim chainníochta nuair ab fhéidir ar an gcéad dul síos láidreacht na meonta agus na ndearcaí a thomhas, agus ar an dara dul síos pointe tagartha a bhunú don fheasacht agus do na dearcaí ar an oidhreacht náisiúnta a bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh orthu thar am.

CÉIM 1 – CÁILÍOCHTA

Tá an taighde cáilíochta fíorthábhachtach chun cinneadh ar na príomhcheisteanna atá le clúdach ag suirbhé cainníochta agus chun na príomhcheisteanna oidhreachta a bhfuil imní ar an bpobal fúthu, agus an teanga agus téarmaíocht a úsáideann an gnáthphobal agus iad ag labhairt faoin oidhreacht, a scrúdú. Déantar an chéim seo mar réamhtheachtair don phríomhshuirbhé, mar go soláthraíonn sí comhthéacs úsáideach inar féidir anailís a dhéanamh ar na torthaí cainníochta.

Mar sin, sa scéim seo bhí deich ngrúp-phlé a rinneadh i measc trasghearrtha den daonra mar seo a leanas:

Uimh.	Gnéas	Aicme	Aois	Céim sa saol	Suíomh
1	Fireannaigh	C1C2	12-14	Mic léinn	Baile Átha Cliath
2	Meascán	ABC1	35-45	Teaghlach	Baile Átha Cliath
3	Meascán	C1C2F	50+	Scortha/cónaí ina n-aonar	An Creagán, Co. na Gaillimhe
4	Meascán	BC1	25-35	Singil/gan pháistí	Cill Chainnigh
5	Baineannaigh	C1C2F	18-25	Réamhtheaghlaigh	Trá Lí
6	Meascán	BC1F	45-55	Teaghlach	Sligeach
7	Baineannaigh	C1C2	15-16	Mic léinn	Gaillimh
8	Meascán	BC1F	55+	Cónaí ina n-aonar	Cill Chainnigh
9	Meascán	C1C2D	35-45	Teaghlach	Baile Átha Cliath
10	Meascán	ABC1	30-55	Grúpa saineolaithe	Baile Átha Cliath

Cinneadh ar ‘ghrúpa saineolaithe’ a áireamh, ina raibh daoine aonair a measfaí go mbeadh leibhéal ard feasachta ar cheisteanna oidhreachta acu, i gcáil ghairmiúil nó dheonach.


CÉIM 2 - CAINNÍOCHTA

Bíonn tionchar ag ceisteanna oidhreachta ar gach duine: is dóichí go mbeidh dearcaí agus patrúin iompair éagsúla ag daoine ar aoiseanna éagsúla, ó chúlraí sóisialta/oideachais éagsúla. Ní mór gach dearcadh, meon agus iompar a bhunú ar mhodh atá iomlán ionadaíoch chun cinntí agus feidhmiú polasaí na Comhairle amach anseo a stiúradh go cruinn.

I ndiaidh don cheistneoir a bheith ullmhaithe, rinneadh agallaimh aghaidh-ar-aghaidh i mbailte na n-ionadaithe samplacha de 1,400 aosach Éireannach (15 bliana d’aois agus os a chionn), ag seasamh don daonra ó thaobh geografaíochta agus déimeagrafaíochta de, ag 70 pointe samplála ar fud na tíre.

Bailíodh na sonraí trí shuirbhé omnibus náisiún-ionadaíoch Lansdowne Market Research.





2. OIDHREACTH - TOSAÍOCHT NÁISIÚNTA?

Ag tús gach ceann de sheisiúin na bhfócasghrúpaí (taobh amuigh den ghrúpa saineolaithe), iarradh ar bhaill na ngrúpaí na ceisteanna reatha ina gceantar féin a phlé. Agus ceisteanna áitiúla nó náisiúnta á bplé, níor luaigh aon duine de bhaill na ngrúpaí an oidhreacht mar ábhar imní ar leith (luadh drugaí, deoch, bruscar/timpeallacht, coireanna, meas ar mhaoín) ná mar cheist a mbíonn tionchar díreach aici orthu (luadh trácht, cáin, fostaíocht, bánú anseo). Luadh cead pleanála i gcomhthéacs easnaimh tithíochta, srl. sa dá chás sin. I measc grúpaí uirbeacha, is beag duine a luaigh an timpeallacht mar ábhar imní áitiúil.

Moladh 1: *Ní mór tairbhí chaomhnú na hoidhreachta agus na bagairtí roimpi sa todhchaí a chur in iúl don ghnáthphobal tríd an iliomad meán.*

3. FEASACHT AR AN OIDHREACTH

Sa sainmhíniú ar an oidhreacht náisiúnta san Acht Oidhreachta, 1995, áirítear:

- séadchomharthaí
- tírdhreacha
- earraí seandálaíochta
- muirdhreacha
- earraí oidhreachta
- longbhristeacha
- oidhreacht ailtireachta
- geolaíocht
- flora
- gairdíní & páirceanna oidhreachta
- fauna
- uiscebhealaí intíre
- gnáthóga fiadhúlra

Ní ionannaítear an sainmhíniú seo, a chlúdaíonn an oidhreacht thógtha agus nádúrtha, le coincheap forleathan na hoidhreachta atá ann in aigne an ghnáthphobail.

Cad a thuigtear leis an téarma 'oidhreacht'? - Stair? Comhshaol? Cultúr?
'Is ón am atá caite í, tá sí marbh'.

Buachaill 12-14 bliana d'aois, Baile Átha Cliath.

"Is éard atá ann an méid a rinne ár sinsir na blianta ó shin, an chaoi ar mhair siad."
Duine 45-55 bliana d'aois, Sligeach.

Nasctar an oidhreacht leis an stair d'aon ghuth nach mór, is rud í a 'thug ár sinsir dúinn', le samplaí tógtha ón stair chun tuiscint na ndaoine ar an oidhreacht a léiriú. Glactar go coitianta

leis gur rud í an oidhreacht atá sean. Ní áirítear sa mhéid a insíonn dearcadh an bhuachalla scoile thuas ainmhithe ná plandaí an lae inniu, ná tírdhreach gan dabht, ábhair a áirítear sa sainmhíniú oifigiúil.

Cad is oidhreacht ann, dar leat? Cad iad na cineálacha rudaí a bhféachann tú orthu mar oidhreacht?




‘An teanga, stair, eolas faoin áit as ar thánamar nó faoin méid atá i ndiaidh Éireannaigh an lae inniu a chruthú’.

Duine 35-45 bliana d’aois, Baile Átha Cliath.

Féachtar ar an oidhreacht chomh maith i dtéarmaí na dtréithe sin lena n-aithnítear Éireannaigh mar chine: samplaí comónta den mhéid ar mheas daoine gurbh é ár n-oidhreacht é a bhí i dteanga, ceol, damhsa, ár n-oidhreacht litríochta - na heilimintí sin a chuimsíonn ár n-oidhreacht chultúrtha.


Mar sin, gan leid, tuigtear go n-áirítear san oidhreacht ár stair chultúrtha agus an timpeallacht thógtha stairiúil, le beagán aitheantais don tírdhreach nó fiadhúlra.





AN SAINMHÍNIÚ OIFIGIÚIL AR OIDHREACTH

Nuair a taispeánadh liosta samplaí den oidhreacht, ón sainmhíniú oifigiúil, do na freagraithe agus nuair a fiafraíodh díobh ar mheas siad ina n-ábhar oidhreachta iad, tháinig trí chatagóir chun solais - príomhúil, tánaisteach agus treasach, ag brath ar a mhéad a aithníodh gach réimse le hoidhreacht. Léiríonn an chairt thíos céatadán an phobail a mheas gach eilimint den oidhreacht ina ábhar "oidhreachta cinnte".



Léiríonn na torthaí seo gurb í an timpeallacht thógtha stairiúil - caisleáin, foirgnimh stairiúla, séadchomharthaí, srl. - is mó a aithnítear mar oidhreacht. Catagóir thánaisteach a bhí san ailtireacht, eaglaisí, tithe móra tuaithe, geolaíocht, páirceanna agus droichid. Níor aithníodh eilimintí eile den oidhreacht, tírdhreacha, muirdhreacha, uiscebhealaí, fiadhúlra agus flora & fauna, chomh mór sin mar oidhreacht. Mar a tharlaíonn, níor mheas breis is 45% de na freagraithe go raibh gnáthóga fiadhúlra, flora agus fauna, mar chuid dár n-oidhreacht, agus níor mheas 34% díobh go raibh tírdhreacha ina n-ábhar oidhreachta. Thairis sin, is éard a deirtear linn leis na torthaí seo ná go bhfuil an nasc idir an stair, an t-am i láthair agus an todhchaí in easnamh agus, níos tábhachtaí fós, nach bhfeiceann daoine i gcoitinne go bhfuil an timpeallacht agus an tírdhreach mar chuid dár n-oidhreacht. B'fhéidir gurb é sin an chúis go ndéanaimid talamh slán di.

Cé go measann 96% den daonra aosach gur cuid den oidhreacht iad na foirgnimh

indibhidiúla staire, níor áirigh ach beagán de bhreis ar a leath acu (55%) sráid-dhreacha mar oidhreacht. Is dócha, i bpáirt, gur mar thoradh ar bhearta reachtacha go nuige seo é sin, bearta atá i ndiaidh díriú ar chosaint na bhfoirgneamh indibhidiúil, in áit díriú ar an méid a chuireann foirgnimh, nó grúpa foirgneamh, nach bhfuil chomh tábhachtach sin ó thaobh na haitireachta de le carachtar stairiúil ceantair.

In ainneoin an easpa aitheantais atá faighte ag an timpeallacht nádúrtha i dtéarmaí oidhreachta, is léir ó na fócasghrúpaí, áfach, gur ann do mheas folaigh ar an timpeallacht nádúrtha. Nuair a fiafraíodh díobh cad iad na tarraingtí/ceantair a ndíreoidís cuairteoirí orthu ina gceantar áitiúil féin, luaigh a bhformhór mór tírdhreacha, muirdhreacha, séadchomharthaí agus músaeim ina bhfreagra.

Moladh 2: *Ní mór níos mó béime a chur ar thábhacht an tírdhreacha nádúrtha agus a chomhpháirteanna mar chuid dár n-oidhreacht*

“Nuair atá daoine bocht ní bhíonn aon bhrí le hoidhreacht.”


Duine 25-35 bliana d’aois, Cill Chainnigh


Croíthoradh de chuid an taighde is ea, i gcoitinne, go raibh an fheasacht agus an tuiscint ar an oidhreacht níos airde i measc páistí scoile agus daoine fásta níos sine i gceantair tuaithe. Ba ísle an fheasacht i measc na ndaoine sin nach bhfuil chomh maith sin as, agus i measc Baile Átha Cliathach agus aosach óg go meánaosta. Léiríonn daoine ó cheantair tuaithe níos mó suime ina n-oidhreacht agus níos mó feasachta uirthi ná mar a léiríonn a macasamhail i gceantair uirbeacha. Níor braitheadh aon difríocht idir fireannaigh agus baineannaigh.

Moladh 3: *Ag cuimhneamh gur ísle an fheasacht ar an oidhreacht i measc daoine nach bhfuil go maith as agus a chónaíonn i gceantair uibreacha, ní mór do na gníomhaireachtaí freagracha ag leibhéal láir agus áitiúil polasaithe a fhorbairt a fhéachann leis an éagothromaíocht sin a cheartú, ag soláthar deiseanna do gach duine.*

OIDHREACTH NÁISIÚNTA AGUS OIDHREACTH ÁITIÚIL

Tagann idirdhealú spéisiúil idir oidhreacht náisiúnta agus áitiúil chun solais sa taighde. Cé go nasctar oidhreacht áitiúil le hábhar intadhaill ar nós séadchomharthaí agus críoch-chomharthaí, féachtar ar oidhreacht náisiúnta mar ábhar níos teibí, ag clúdach an ábhair sin a chomhroinnimid mar náisiún, ár mbéaloideas, ár dteanga agus ár ndamhsa. Thairis sin, d’eascair sé ón suirbhé go bhfuil an luí ag pobal na tuaithe a n-oidhreacht a shainmhíniú ó dhearcadh áitiúil i dtéarmaí an eolais atá faighte acu agus iad ag fás suas agus a d’fhoghlaim





siad óna dtuismitheoirí. Éascaíonn cóngarachtaí áitiúil dlúthchaidreamh leis an oidhreacht, mar sin. Ar an gcaoi sin, féadfaidh an tsoghluaisteacht mhéadaithe agus bánú na tuaithe a bheith ina mbagairt dár n-oidhreacht.

‘Nuair a fhiafraíonn daoine díot faoin oidhreacht, ar an bpointe smaoiníonn tú faoin áit ar as tú.’

Baineannach 18-25 bliana d’aois, Trá Lí.

‘Má deir tú oidhreacht leis féin smaoiníonn tú go háitiúil, má deir tú oidhreacht na hÉireann smaoiníonn tú go náisiúnta.’

Duine 50+ bliain d’aois, Co. na Gaillimhe

Ceann de na torthaí is dearfaí den taighde, áfach, is ea go nglactar leis i gcoitinne go léiríonn nósanna maireachtála an lae inniu oidhreacht atá á déanamh, don chéad ghlúin eile. Tá ról bunúsach le glacadh ag an bPlean Forbartha Náisiúnta maidir leis seo. Thairis sin, tá comhaontú d’aon ghuth ann go léiríonn oidhreacht an méid ar chóir dúinn a bheith bródúil as mar dhaoine, go háitiúil agus go náisiúnta araon.

Moladh 4: *Ba chóir luach chomhpháirt ‘rialaithe cáilíochta oidhreachta’ i ngach caiteachas rialtais, a imríonn tionchar go díreach nó go hindíreach, ar an oidhreacht náisiúnta a aithint go hoifigiúil agus glacadh leis mar pholasaí rialtais agus ba chóir é a chomhtháthú ina iomláine i bhfeidhmiú gach gné den Plean Forbartha Náisiúnta. Mar shampla, ba chóir an acmhainneacht chun feachtas ar an oidhreacht a ardú a chur i ngníomh, in éineacht le leibhéal cosanta níos airde a thabhairt di, trí ‘rialú cáilíochta oidhreachta’ a chomhtháthú i scéimeanna rialtais ar nós an réimse scéimeanna dreasachtaí cánach atá i bhfeidhm faoi láthair, e.g. an Scéim Athnuachana Uirbí, an Scéim Athnuachana Baile agus an Treoirscéim Athnuachana Tuaithe don tSionainn Uachtarach.*

4. SUIM AGUS PÁIRTÍOCHT SAN OIDHREACTH (CUAIRT AR AN OIDHREACTH CHOMH MAITH)

SUIM IN ÁBHAIR OIDHREACTHA

Cé nach bhféachtar go forleathan ar an bhfiadhúlra mar chuid den oidhreacht, tá an leibhéal suime ann níos airde ná an leibhéal suime in aon ghné eile den oidhreacht. D'éiligh mionlach beag (15%) go raibh an-suim acu in aon cheann de na ceisteanna oidhreachta a measadh, ina n-áiríodh suim san ailtireacht agus sa tseandálaíocht, fianaise b'fhéidir nach raibh ach béalghrá á thabhairt ag an tromlach don réimse ábhair. Ba láidre an tsuim san oidhreacht i measc daoine fásta atá 35+ bliana d'aois, daoine ó chúlraí níos saibhre, agus daoine a chónaíonn i gCúige Connacht is Cúige Uladh.

Braitear go láidir gur iompróir tábhachtach don teachtaireacht oidhreachta iad na scoileanna agus tacaíonn 80% le ról níos gníomhaí do scoileanna in oideachas oidhreachta. I gcontrárthacht le dearcaí faiseanta, áfach, thug an suirbhé le fios nach n-imríonn páistí i dteaghlach tionchar láidir ar na leibhéil suime san oidhreacht ann.

Moladh 5: *Ba chóir feasacht ar an oidhreacht go náisiúnta agus go háitiúil araon a chur chun cinn ar bhonn níos gníomhaí trí scoileanna, bealach ionchur oidhreachta sa churaclam agus urraíocht seach-churaclaim ar thionscadail scoile*

PÁIRTÍOCHT SAN OIDHREACTH


I gcoitinne, bíonn an luí ann go mbíonn an pháirtíocht a bhíonn ag daoine san oidhreacht cosantach, in áit í a bheith réamhghníomhach nó leanúnach, e.g. ag cur in aghaidh pleananna forbartha áitiúla a mbeadh tionchar acu ar an tírdhreach nó oidhreacht in áit a bheith mar bhall de chumann oidhreachta. Ní éilíonn ach 4% gur baill de ghrúpa oidhreachta nó staire iad, cé gur léirigh 25% suim i bpáirt a ghlacadh de réir mar a théann siad in aois. Bhain na príomhchúiseanna a bhí leis an easpa páirtíochta le brú ama (44%) agus easpa suime, leis an tromlach ag lua 'nósanna maireachtála an tsaoil nua-aimseartha' (An Tíogar Ceilteach) mar bhacainní le dul i mbun a leithéide. Tá daoine eile éiginnte faoin gcaoi inar féidir leo tosú nó tá imeagla orthu roimh an mothú scothroghnachais a measann siad a bheith sa réimse seo. Luaigh 25% go raibh suim acu i bpáirt níos mó a ghlacadh agus iad níos sine. D'fhéadfadh gur béalghrá é seo, arís, ach tá sé de réir na treochta déimeagrafaí.

'De réir mar a théann tú in aois tugann tú níos mó faoi deara. Nuair atá tú óg ní bhíonn tú ach ag eitilt.'

Duine 55+ bliana d'aois, Cill Chainnigh



Do gach ceann de na ráitis seo a leanas atá tugtha ag daoine maidir leis an oidhreacht, luaigh cad é an ráiteas is gaire do do dhearcadh féin faoi gach ráiteas.




CUAIRT AR AN OIDHREACHT

Tá minicíocht na gcuairteanna ar láithreáin oidhreachta i bhfad níos airde i measc freagraithe i gCúige Mumhan ná aon áit eile. Is iad na caisleáin, páirceanna, séadchomharthaí agus músaem na taitneamhachtaí oidhreachta is faiseanta, le 82% ag éileamh go bhfuil cuairt tugtha acu ar chaisleán agus 70% ar pháirc, tá 40% i ndiaidh cuairt a thabhairt ar lárionad oidhreachta nó gairdín oidhreachta. Tá 26% i ndiaidh dul chun féachaint ar nó staidéar a dhéanamh ar earraí seandálaíochta, 24% chun féachaint ar fhiadhúlra, i bhfad níos airde i measc fhreagraithe na Mumhan ná freagraithe aon áite eile. Is airde minicíocht na gcuairteanna ar mhúsaem i mBaile Átha Cliath ná aon áit eile, áfach.


Moladh 6: *Ba chóir rannpháirtíocht agus páirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí oidhreachta a spreagadh ar bhonn níos gníomhaí ar na bealaí seo a leanas:*

- *Ócáidí oidhreachta áitiúla agus tionscadail oidhreachta phobail a mhaoiniú;*
- *Bunú agus cothú cumann oidhreachta a chur chun cinn;*
- *Go spreagfadh na gníomhaireachtaí freagracha leibhéal páirtíochta níos mó ón bpobal i ngníomhaíochtaí ag láithreáin oidhreachta ar bhonn leanúnach.*

Tháinig ceist an árachais dliteanais phoiblí chun solais sa chomhthéacs seo i bhfócasghrúpa tuaithe, nuair a lochtaíodh an Stát mar nach gclúdaíonn sé costais árachais dhochraidigh atá riachtanach do cheantair oscailte a bhfuil luach oidhreachta leo don phobal. Bhí frustrachas ann le maorlathas an chórais agus le dearcadh ‘gearr-radharcach’ an rialtais i leith na hoidhreachta.



An bhfuil cuairt tugtha agat riamh ar na nithe seo a leanas?



5. FREAGRACHT AS AN OIDHREACHT

'Na daoine atá i gcumhacht.'

Cailín scoile 15-16 bliana d'aois, Gaillimh.


'Is orthu siúd atá an fhreagracht agus ní ormsa go díreach.'


Duine 35-45 bliana d'aois, Baile Átha Cliath

Mar gheall ar ghaolmhaireacht na hoidhreachta le húinéireacht phoiblí, tá an dearcadh coiteann ann go bhfuil comhlacht éigin níos airde, roinn rialtais go tipiciúil, freagrach as cosaint na hoidhreachta in áit an duine aonair nó an phobail. Toisc go meastar go bhfuil nasc doréitithe idir an oidhreacht agus úinéireacht phoiblí, ní bhraitear go bhfuil freagracht nó an fhreagracht deiridh ar dhaoine aonair.

Tá easpa feasachta ann, áfach, maidir leis an gcomhlacht nó na comhlachtaí atá freagrach, le 38% ag admháil nach bhfuil a fhios acu. Gan leid, nascadh an Taisce den chuid is mó in aigne an phobail le freagracht as an oidhreacht. Mheas 10% de na freagraithe go raibh "roinn rialtais" freagrach as an oidhreacht, mheas 9% go raibh Oifig na nOibreacha Poiblí agus 7% go raibh an chomhairle contae freagrach.

Cad í/iad an eagraíocht/na heagraíochtaí atá freagrach as an oidhreacht in Éirinn, dar leat?






Nuair a tugadh liosta eagraíochtaí dóibh agus nuair a fiafraíodh díobh cad iad na heagraíochtaí a mbíonn an tionchar is mó acu ar an oidhreacht, luaigh 30% an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta & Oileán i dtosach, agus ansin an Chomhairle Oidhreacht. Ina dhiaidh sin tháinig An Taisce (16%), Oifig na nOibreacha Poiblí (11%), comhairlí contae (9%) agus an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (8%). D'ainmnigh 6% FÁS mar an eagraíocht leis an tionchar is mó. Mar léiriú ar an bhfíric nach raibh eolas ag an tromlach ar na heagraíochtaí oidhreachtach as a n-ainm amháin, d'éiligh duine as gach ceathrar ar a mhéad gur thuig siad go raibh páirt ag an eagraíocht san oidhreacht. Dhaingnigh torthaí an tsuirbhé cháilíochta é sin. Ní raibh an tromlach ar an eolas faoin bhfreagracht chruinn as an oidhreacht a luíonn ar na príomheagraíochtaí. Uaidh seo, is eintiteas nach bhfuil eolas air é an réimse iomlán sin faoin gcaoi a gcosnaítear an oidhreacht. Mar léiriú air sin, níor éiligh ach 5% go raibh eolas acu ar na dlíthe a úsáidtear chun an oidhreacht náisiúnta a chosaint.

Is ábhar cáinte é go bhfuil an iliomad comhlachtaí ann – *‘Dá dtiocfaidís ar fad le chéile is dócha go ndéanfaidís beart níos fearr’* ceann de na habairtí a fuarthas ó na fócasghrúpaí.

D’eascair idirdhealú idir freagracht ‘fhoirmiúil’ agus ‘neamhfhoirmiúil’, go mbaineann an fhreagracht fhoirmiúil leis an Rialtas, Oifig na nOibreacha Poiblí agus údaráis áitiúla, agus an fhreagracht neamhfhoirmiúil le freagracht mhorálta an duine aonair maidir leis an bpobal nó paróiste áitiúil. Luadh go raibh ról le glacadh ag sagairt, múinteoirí agus ceannairí eile anseo. I gcoitinne, braitear gur ról frithghníomhach nó cosantach, áfach, é ról an duine aonair nó an phobail. Tacaíodh leis seo leis na torthaí cainníochta a thug le fios go n-aontaíonn 70% de na daoine leis an meon gur “ar gach duine a luíonn an fhreagracht as cosaint na hoidhreacht”, le 4% ag easaontú, agus 20% gan tuairim.

Cé gur freagairt thapa í seo, is féidir féachaint uirthi mar thoil láidir ar thaobh an phobail freagracht a ghlacadh as an oidhreacht, in ainneoin an dearcaidh atá ann faoin rialtas a bheith mar an údarás ceannasach le freagracht as cosaint ár n-oidhreacht.

Tá an fhreagracht as an oidhreacht ar gach duine



Moladh 7: *Ní mór go mbeadh cur chuige níos comhordaithe ann ón rialtas agus ó gach údarás stáit a bhfuil páirt acu i gcosaint agus cur chun cinn na hoidhreachta náisiúnta, chun a chinntiú go gcuirtear an pobal ar an eolas faoina bhfeidhmeanna agus a bhfreagrachtaí go soiléir. Thairis sin, ba chóir go mbeadh ar gach údarás rialtais agus stáit a chaitheann airgead ar an oidhreacht iarracht níos comhbheartaithe a dhéanamh chun feasacht a ardú faoina ngníomhaíochtaí agus faoi thairbhí chosaint na hoidhreachta.*



6. COSAINT NA hOIDHREACHTA

CÉ CHOMH TÁBHACHTACH ATÁ SÉ ÁR n-OIDHREACTH A CHOSAINT?

‘Agus an Eoraip ag teacht le chéile, tá sé tábhachtach d’íomhá féin a choinneáil’


Duine 35-45 bliana d’aois, Baile Átha Cliath

Feictear don phobal go bhfuil comhchiall leis na téarmaí ‘caomhnú’ agus ‘cosaint’.

Mheas leath an daonra, nach mór, (46%) go raibh sé ‘an-tábhachtach’ ár n-oidhreacht a chosaint, le duine as gach ochtar ag cur síos air mar ‘gan a bheith chomh tábhachtach sin’ nó ‘gan a bheith tábhachtach in aon chor’. Measann 40% go bhfuil sé ‘réasúnta tábhachtach’.

Tá éagsúlacht shuntasach ann maidir leis an tábhacht a thugtar do chosaint na hoidhreachta idir na haicmí sóisialta, freagraithe tuaithe agus uirbeacha agus aoisghrúpaí.

Cad iad na tairbhí, dar leat, a bhaineann le cosaint na hoidhreachta?



Tá an bhearna idir ABC1F agus iad sin nach bhfuil chomh maith sin as mór go maith (bhraith 54% go raibh sé ‘an-tábhachtach’ in aghaidh 41%), rud a léiríonn gurb é Connachta an réigiún is mó ‘ar an eolas’ agus gurb é Baile Átha Cliath an réigiún is lú ‘ar an eolas’. Ceapann 41% de na daoine a chónaíonn i mBaile Átha Cliath go bhfuil sé ‘an-tábhachtach’ ár n-oidhreacht

a chosaint, ach tá 54% de na daoine a chónaíonn i gConnacht/Ulaidh den tuairim chéanna. Bhí 50% de na daoine i gCúige Mumhan den tuairim sin, cé nach raibh ach 42% de na daoine sa chuid eile de Chúige Laighean den tuairim chéanna.

Measann leath an daonra sa tír atá os cionn 50 bliain d'aois go bhfuil sé 'an-tábhachtach' ár n-oidhreacht a chosaint, le 39% den aoisghrúpa céanna ag lua go bhfuil sé 'réasúnta tábhachtach'. Tá codarsnacht mhór aige seo le haoisghrúpaí eile (15-24: 42%, 25-34: 43%, 35-49: 48%). Ar an meán, measann duine as gach ochtar 'nach bhfuil cosaint na hoidhreachta chomh tábhachtach sin' nó 'nach bhfuil tábhacht leis in aon chor'.

CAD IAD NA TAIRBHÍ A THÉANN LE COSAINT NA HOIDHREACHTA?

Is é an tairbhe is mó a bhraitear atá le baint as cosaint na hoidhreachta, luaite ag 28% den phobal, ná "teagmháil a choinneáil leis an am atá caite do na glúinte romhainn" agusfeasacht faoin áit as ar thánamar. Aontaíodh go ginearálta gur chóir an cultúr a chaomhnú agus ár bhféiniúlacht a choinneáil.


Luaigh 22% gur buntáiste oidhreachta a bhí sa turasóireacht. Braitheadh go bhfeidhmíonn an turasóireacht mar spreagadh don phobal áitiúil a bheith ar an eolas faoin oidhreacht chun go mbeidh siad in ann cuairteoirí a thionlacan timpeall na háite agus eispéireas an chuairteora a fheabhsú go ginearálta. D'aontaigh 59% den phobal, áfach, leis an meon go bhfuil ár n-oidhreacht dírithe go príomha ar thurasóirí ón iasacht, seachas ar an daonra áitiúil.

Níor bhraith ach 2% den daonra nach raibh aon tairbhe in aon chor le baint as cosaint na hoidhreachta.

Cé gur éiligh 83% den phobal go raibh siad bródúil as an oidhreacht in Éirinn, is léir nach n-aistrítear an bród sin ina pháirtíocht dhíreach nó ina ghníomhaíocht dhearfach ó thaobh na hoidhreachta de.



Cad iad na tairbhí, dar leat, a bhaineann le cosaint na hoidhreachta?



Moladh 8: *Teastaíonn taighde breise chun tairbhí eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta chaomhnú na hoidhreachta (an díbhinn oidhreachta) a bhunú.*


Moladh 9: *Obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an earnáil turasóireachta chun a chinntiú nach mbraitear gur do thurasóirí amháin atá an oidhreacht. Cuirfidh forbairt reatha i dtreo na turasóireachta inbhuanaithe leis an bpróiseas seo.*

CÉN DREAM BA CHÓIR ÍOC AS?

Tuigtear gur chóir go soláthrófaí maoiniú breise go háitiúil le haghaidh tionscadal ócáideach ar leith, ach gur chóir go maoiníodh an stát an chuid is mó. Féachtar ar an oidhreacht mar chúis mhaith agus thábhachtach ar chóir go bhfaigheadh sí maoiniú ón stát.

D’aontaigh ceathrú de na daoine go láidir leis an meon gur chóir go gcosnófaí an oidhreacht cuma cén costas a bhíonn leis, le 9% ag easaontú leis sin. Ar an gceist ar chóir airgead na n-íocóirí cánach a úsáid chun cosaint na hoidhreachta a mhaoiniú, d’aontaigh 41%, d’easaontaigh 17%, le líon ollmhór de 41% gan a bheith in ann aontú ná easaontú. Níor aontaigh ach 11% go gcaitheann an Rialtas an iomarca airgid ar an oidhreacht, ach leis an líon gan aontú ná easaontú ag 50% nach mór léirítear easpa eolais chirt agus suime san ábhar. Is léir, mar sin, go bhfuil aontú láidir morálta ann do chosaint na hoidhreachta, ach ní chiallaíonn sé sin go n-aontaítear go hiomlán le caiteachas an rialtais sa réimse seo, más é airgead na n-íocóirí cánach a úsáidtear go díreach.


Do gach ceann de na ráitis seo a leanas atá tugtha ag daoine maidir leis an oidhreacht, luaigh cad é an ráiteas is gaire do do dhearcadh féin faoi gach ráiteas.



7. FOINSÍ EOLAIS AR AN OIDHREACTH

Feictear an teilifís mar phríomhfhoinsé eolais ar oidhreacht (luaigh 52% í) thar nuachtáin agus irisí (48%), leabhair (46%) agus meánscolaíocht (40%). Rangaíodh an bhunscolaíocht beagán níos ísle ag 30%, ach is í an rang is airde í mar 'bhunfhoinsé' eolais. Luann freagraithe níos sine tuismitheoirí/cairde srl. mar bhunfhoinsí tábhachtacha eolais agus feasachta. I gcoitinne éilíodh go gcuirfí breis eolais ar an oidhreacht ar fáil.

Ag smaoineamh ar a bhfuil ar eolas agat faoin oidhreacht in Éirinn, cad iad na príomhfhoinsí eolais nó oideachais ar oidhreacht atá agat?



Moladh 10: Déanamh clár ardcháilíochta teilifíse a spreagadh a fhéachann le leibhéal níos mó feasachta ar ár n-oidhreacht, agus meon níos criticiúla i measc an phobail fhéachana, maidir lena cosaint agus a riaradh amach anseo, a chur chun cinn

"Bhí ionadh ar an gComhairle nár luaigh aon duine de na freagraithe músaeim sa roinn seo mar fhoinsé eolais ar an oidhreacht in éineacht leis na foinsí liostaithe. Ní bhfuair músaeim aon lua spontáineach, áfach.

Moladh 11: Róil dhearfacha oideachais agus eolais na músaem, agus na n-institiúidí bailiúchánbhunaithe eile, a chur chun cinn ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

8. AG ARDÚ FEASACHTA - RÓL NA COMHAIRLE OIDHREACHTA

Tugann torthaí an tsuirbhé seo dúshlán ollmhór do chomhlachtaí ar nós na Comhairle Oidhreachta, atá ag obair chun feasacht ar ár n-oidhreacht náisiúnta a ardú. Soláthraíonn sé comhartha soiléir dúinn, áfach, conas na torthaí is fearr a fháil ónár n-acmhainní ganna. Mar thoradh ar na torthaí seo leagfar amach sraith shoiléir cuspóirí agus polasaithe a threoróidh gníomhaíochtaí na Comhairle chun bród as ár n-oidhreacht a chur chun cinn agus feasacht uirthi a ardú thar na cúig bliana romhainn.

Ó bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta faoin Acht Oidhreachta, 1995, tá cur chun cinn an bhróid as ár n-oidhreacht agus ardú na feasachta uirthi aitheanta mar cheann de na trí théama a threoraíonn a gníomhaíochtaí ar fad. Is iad an dá théama eile ná Sonraí a Bhailiú agus Polasaí a Mholadh & Comhairle a Sholáthar. Le trí bliana anuas ach go háirithe, tá an Chomhairle i ndiaidh díriú ar fheasacht ar an oidhreacht ag leibhéal áitiúil a ardú, agus chun na críche sin d'fheidhmigh sí Scéim Deontas Pobal-Bhunaithe i 1997, 1998 agus 1999. Agus Freda Rountree, Cathaoirleach na Comhairle Oidhreachta, ag labhairt faoin scéim deontas oidhreachta pobalbhunaithe, luaigh sí gur *“as feasacht ar phróiseas éiritheach Chlár Áitiúil 21, agus creideamh gur fearr a riarann an pobal áitiúil féin an oidhreacht, a d’fhorbair an Chomhairle Oidhreachta a scéim deontas pobalbhunaithe”*. Rith an Chomhairle scéim deontas foilseachán chomh maith i 1998 agus 1999.

Is mar seo a leanas atá líon na dtionscadal a maoiníodh agus na méideanna a bronnadh:

SCÉIM DEONTAS OIDHREACHTA POBAL-BHUNAITHE

1999: Bronnadh iomlán de £249,300 ar 47 dtionscadal.

1998: Bronnadh iomlán de £348,255 ar 49 dtionscadal.

1997: Bronnadh iomlán de £155,305 ar 29 dtionscadal.


SCÉIM DEONTAS FOILSEACHÁN

1999: Bronnadh iomlán de £115,770 ar 49 dtionscadal.

1998: Bronnadh iomlán de £116,540 ar 36 thionscadal.

Tá an Chomhairle i ndiaidh roinnt scéimeanna eile deontais a riar, lena n-áirítear iad sin atá ceaptha le tionscadail seandálaíochta, ailtireachta, fiadhúlra agus músaembhunaithe a mhaoiniú. Ní mór d’iarratasóirí ar gach scéim deontais ráiteas de spriocanna measta an tionscadail, lena n-áirítear an t-ionad nó meán foilseacháin / craobhscaoilte atá beartaithe, a áireamh mar chuid dá n-iarratas.





Seo a leanas rogha de mhórtionscnaimh eile atá glactha ag an gComhairle uirthi féin mar iarracht chun feasacht ar an oidhreacht náisiúnta a ardú:

SRAITH TEILIFÍSE

Tá sé léirithe ag an suirbhé gurb í an teilifís an meán is mó a bhféachann daoine air le haghaidh eolais ar a n-oidhreacht. Le linn 1998, choimisiúnaigh an Chomhairle sraith teilifíse sé pháirt a chraolfar le linn 2000. Tá sé i gceist go scrúdóidh an tsraith, a bhfuil an teideal oibre Irish Dreamtime aici, cineál forásach na hoidhreachta in Éirinn ar bhonn faiseanta. Iarrfaidh na cláir ar bhreathnóirí féachaint ar an domhan timpeall orthu agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil daoine i ndiaidh é a mhúnlú thar am.

TREOIRSCÉIM OIFIGEACH OIDHREACHTA

Le linn 1999 chuir an Chomhairle Oidhreachta trí Oifigeach Oidhreachta in údaráis áitiúla, chun leibhéil an tsaineolais oidhreachta laistigh de na húdaráis áitiúla a ardú, chomh maith leis na leibhéil fheasachta ar cheisteanna oidhreachta i gcoitinne a ardú. Cuireadh na hoifigigh sna húdaráis seo a leanas: Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Shligigh agus Bardas na Gaillimhe. Cuirfear ocht n-oifigeach eile in údaráis áitiúla le linn 2000.


TIONSCADAIL CHOMHPHÁIRTÍOCHTA LE CUMANN MÚINTEOIRÍ ÉIREANN

Le linn 1998 rinne an Chomhairle urraíocht ar fhorbairt ábhair le haghaidh dhá scoil shamhraidh mar chuid de chlár ardaithe feasachta comhshaoil le haghaidh múinteoirí dar teideal "Ag tabhairt aire don Domhan". D'fhorbair Cumann Múinteoirí Éireann an tionscadal, i gcomhar le Lárionad Múinteoirí na Carraige Duibhe agus Lárionad Oideachais Mhaigh Eo. Ina theannta sin, choimisiúnaigh an Chomhairle greannán oidhreachta a cuireadh isteach in iris inseirbhíse Chumann Múinteoirí Éireann, le húsáid ag múinteoirí sa seomra ranga. I 1999, d'fhorbair an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal 'Oidhreacht i Scoileanna' i gcomhar le Cumann Múinteoirí Éireann, atá ceaptha chun saineolaithe oidhreachta a thabhairt chuig an seomra ranga.


ATHDHÉANAMH AN tSUIRBHÉ

Tá sé beartaithe go ndéanfar an suirbhé athuair i 2000/2001 chun éifeachtúlacht ghníomhaíochtaí na Comhairle a mheas maidir le bród as an oidhreacht náisiúnta a chur chun cinn agus feasacht uirthi a ardú.

AGUISÍN: PRÓIFÍL SAMPLA



NOTAÍ



E.C.F. PRINTED ON ECO- FRIENDLY PAPER